

Fáilte

Fáilte go dtí an seachtú heagrán dár nuachtlitir do mhúinteoirí ar leithdháileadh uaireanta bainistíochta acmhainní a scoile orthu. Tá súil againn go gcuideann na pointí atá curtha san áireamh againn thíos leat le linn na míosa seo. Mar is gnách, is féidir leat teagmháil dhíreach a dhéanamh le do Cheannaire Foirne Réigiúnach maidir le haon cheist, a bheadh agat. Tá sonraí faoi gach réigiún ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag https://jct.ie/leagangaeilge/jcis/regions_ga. Is féidir áirithintí a dhéanamh do FGL scoile uile trí theagmháil a dhéanamh le Ceannaire Foirne Réigiúnach TFSS i do réigiún.

Le dea-mhéin
 Foireann JCIS.

Oiliúint ar Líne do Rannpháirtithe an AFMÁ – Seachtain dar tús 21 Márta

An Próiseas AFMÁ: Rannpháirtíocht Éifeachtach

Beidh foireann TFSS ag éascú ceardlanna roghnacha FGL do rannpháirtithe agus d'éascaitheoirí AFMÁ a dhíreoidh ar rannpháirtíocht agus ar éascú éifeachtach i bpróiseas an AFMÁ. Is athsheisiúin iad seo ar na ceardlanna a bhí ar siúl againn i mí Dheireadh Fómhair 2021. Beidh na ceardlanna ar líne ar siúl idir an 21 agus an 24 Márta 2022.

Is iad seo a leanas dátaí agus naisc chlárúcháin na gceardlann AFMÁ:

An Próiseas AFMÁ: Rannpháirtíocht Éifeachtach

Dé Máirt, 22 Márta 4:30 – 6:00 (Ar fud na tíre)
 Nasc Clárúcháin:

https://zoom.us/webinar/register/WN_leTz5zW-Tu60Qzony_oKyy

An Próiseas AFMÁ: Éascú Éifeachtach

Dé Céadaoin, 23 Márta 4:30 – 6:00 (Ar fud na tíre)
 Nasc Clárúcháin:

https://dwee-ie.zoom.us/webinar/register/WN_V0aQUGdGTFK60-9br7QrIA



An Próiseas AFMÁ: Rannpháirtíocht Éifeachtach

Seiminear gréasáin a chomandáil rannpháirtíochta chom:

- Cúplaí agus tríúnaí rannpháirtithe AFMÁ a tharraingt
- Tuiscint a bhail ar oll an rannpháirtithe sa phróiseas AFMÁ
- Na tacaíocht a bhíonn le déanamh ag rannpháirtithe rannpháirtithe, le hionannas leat eile an chomandáil AFMÁ a pháil
- Bí na seiceáil Cúplaí agus tríúnaí, an t-éascaí agus na h-éascaí a chomandáil

• Dé Máirt, 22ú Márta
 4:30i.n. – 6:00i.n.

@MonaghanEC CLÁRAIGH ANOIS
 WWW.JCTCOURSES.COM



An Próiseas AFMÁ: Éascaitheoireacht Éifeachtach

Seiminear gréasáin a chomandáil éascaitheoireachta chom:

- Cúplaí agus tríúnaí rannpháirtithe AFMÁ a tharraingt
- Tuiscint a bhail ar oll an éascaitheoireachta sa phróiseas AFMÁ
- Na tacaíocht a bhíonn le déanamh ag an éascaitheoireacht rannpháirtithe, le hionannas leat eile an chomandáil AFMÁ a pháil

• Dé Céadaoin, 23ú Márta
 4:30i.n. – 6:00i.n.

@MonaghanEC CLÁRAIGH ANOIS
 WWW.JCTCOURSES.COM

Am Gairmiúil

Acmhainní chun Am Gairmiúil a úsáid

Tugann acmhainn **Úsáid Mholta Am Gairmiúil** TFSS naisc chuig gach doiciméad tacaíochta am gairmiúil sainiúil don ábhar a thairgeann roinnt smaointe do ghníomhaíochtaí gairmiúla an mhúinteora aonair, na roinne ábhair agus na scoile uile.

Ina theannta sin, tá liosta breise moltaí in acmhainn TFSS **Am Gairmiúil – Tacaí Molta** maidir le bealaí a bhféadfadh múinteoirí an t-am gairmiúil a tugadh dóibh a úsáid. Cuimsíonn na moltaí deiseanna don mhúinteoir aonair agus do ghníomhaíocht ghairmiúil na roinne ábhair, ina gcuimsítear gníomhartha féideartha a bhaineann le haiseolas, tuairisciú, measúnú foirmitheach, agus iontrálacha a bhíonn le tiomsú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).



Forléargas ar Threoirlínte an CNCM d'Fholláine na Sraithe Sóisearaí 2021

De réir mar a dhéanann scoileanna machnamh agus pleanáil do chlár folláine curaclaim 400 uair a scoile, mar atá leagtha amach i gCiorclán **0059/21**, d'fhéadfadh na rannóga seo a leanas i **dTreoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí 2021** de chuid CNCM a bheith ina dtacaíocht agaibh agus sibh ag pleanáil chlár folláine bhur scoile.

- * Guth an scoláire agus folláine: leathanaigh 24 - 26
- * Foghlaim a bhaineann le treoir laistigh den Fholláine: leathanaigh 46 – 47
- * Foghlaim eile is féidir a chur san áireamh i gClár Folláine: leathanaigh 48 - 50
- * Clár Folláine a chur ar fáil do scoláirí atá ag plé le clár foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: leathanach 51
- * Trí Chlár Folláine Samplacha: leathanaigh 76 - 79
- * Measúnú agus Tuairisciú san Fholláine: leathanaigh 81 - 84



B'fhéidir nár mhiste duit ach oiread féachaint ar cheardlann FGL ár bhfoireann Ceannaireachta SSM le déanaí, "Clár Folláine Éifeachtach a Dhaingniú sa tSraith Shóisearach" trí chliceáil ar an **nasc** seo.

Mar a luaitear i gCiorclán **0059/21**, tabharfar tuairisciú ar chlár Folláine anois i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) den chéad uair in 2022.

Ceardlanna FGL na Sraithe Sóisearaí ar Líne don OSSP, OSPS, Teicneolaíocht Fheidhmeach agus don Ghrafaic

Beidh na ceardlanna iomlán lae ar líne do mhúinteoirí OSSP agus OSPS ar siúl ón 4 Aibreán go dtí an 4 Bealtaine 2022 (sos na Cásca as an áireamh). Beidh na ceardlanna ar líne do mhúinteoirí a mhúineann Teicneolaíocht Fheidhmeach agus Grafaic ar siúl le linn na tréimhse ón 7 Márta 2022 go dtí an 29 Aibreán 2022 (sos na Cásca as an áireamh). Thart ar 48 uair an chloig roimh an dáta FGL, seolfar naisc Zoom ar ríomhphost go díreach chuig múinteoirí ag baint úsáid as seoladh ríomhphoist na scoile a chláraigh do scoil dóibh ar ár dtairseach chlárúcháin. Beidh na ceardlanna Zoom ar fáil le dul isteach iontu ó 9.15 r.n. ar an lá roghnaithe. Tosóidh ceardlanna go pras ag 9.30 r.n. agus críochnóidh siad ag 3.30 i.n. Tá clúdach iomlán ionadaíochta ar fáil.

Acmhainní FGL Ábhair ar Líne Eanáir - Márta 2022

Tá na hacmhainní atá á n-úsáid faoi láthair le linn ár gnuasaigh ábhair ar líne le fáil anois ar ár leathanach baile. Cliceáil ar an **nasc** seo agus roghnaigh d'ábhar chun na hacmhainní FGL ábhair ar líne a fheiceáil.

Roghnaigh d'ábhar thíos chun breathnú ar Acmhainní FGL Ábhair Ar Líne

BÉARLA	TÍREOLAÍOCHT
EOLAÍOCHT	STAIR
STAIDEAR GNO	EACNAMAÍOCHT BHAILE
GAEILGE	TEICNEOLAÍOCHTAÍ
NUATHEANGACHA IASACHTA	OIDEACHAS REILIGIÚNACH
NA HAMHARC-EALAÍONA	LÉANN GIÚDACH
MATA	LÉANN CLASAICEACH
CEOL	CORPOIDEACHAS

Plean Gníomhaíochta mhí an Mhárta (Níthe le déanamh)

- ⇒ Seiceáil isteach le múinteoirí / Foireann Cheannaireachta Shinsearach
- ⇒ Seiceáil isteach le scoláirí (RFE)
- ⇒ Eanáir – Márta 2022 (an dá lá sin san áireamh):
- ⇒ Cnuaslaethanta Ábhair SSM 2021/2022. Seiceáil go bhfuil do mhúinteoirí ar an eolas faoin gceardlann ábhair a bhfuil siad cláraithe dó
- ⇒ Seiceáil **suíomh gréasáin SSM** le haghaidh nuashonruithe/acmhainní/nuachta
- ⇒ Seiceáil **leathanach baile TFSS** le haghaidh nuashonruithe/acmhainní/nuachta
- ⇒ An fhoireann a chur ar an eolas faoi scideal imeacht roghnach EFE an earraigh de chuid SSM
- ⇒ Seiceáil isteach le d'Fhoireann Réigiúnach TFSS (féach <https://www.jct.ie/jcis/regions>)

Le dea-mhéin,
Foireann TFSS .
Foilsithe: Márta 14, 2022.